# Vóta 39 Sláinte

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2011 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte, agus maidir le seirbhísí áirithe eile arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Ionchorpraíonn an Cuntas Leithreasa na haistrithe feidhmeanna seo a leanas faoi mar a ndéantar soláthar dóibh sna Meastacháin Athbhreithnithe do 2011.

**Feidhmeanna aistrithe chuig an Roinn**
Aistríodh Tionscnamh na nDrugaí (Fotheideal B3) ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (Vóta 27) le feidhm ó 1 Bealtaine 2011.

**Feidhmeanna aistrithe ón Roinn**
An soláthar bliana iomláine maidir leis na feidhmeanna seo a leanas aistrithe chuig an Roinn nua Óige agus Gnóthaí Óige arna bunú ar 2 Meitheamh 2011:

- Costais phá agus neamhphá na foirne sin a bhíonn ag obair in Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Maoiniú breise le costais phá agus neamhphá a chlúdach go páirteach d'fheidhmeanna corparáideacha na Roinne nua
- Deontais Chrannchuir Náisiúnta agus táillí dlíthiúla maidir le cúrsaí leasa agus cosanta leanaí
- Leithdháiltí d'Údarás Uchtála na hÉireann, d'Oifig an Ombudsman do Leanaí agus Bhord Comhairleach um Achtanna na Leanaí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta**
Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Cuireadh Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 san fhormáid chaighdeánach faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in éineacht leis an gcuntas seo. Tá na bearta breise seo a leanas i gcrích, nó tá siad ar bun, chun feabhas a chur ar an gcóras um rialú inmheánach.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Ullmhaítear clár iniúchta bliantúil faoi choimirce an Choiste Iniúchta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh chuig an gCoiste ar chur i bhfeidhm an chláir seo agus ar thabhairt chun críche na dtuarascálacha iniúchta. Cuireadh bailchríoch ar dheich dtuarascáil iniúchta san iomlán in 2011 agus eisíodh iad. Bhain naoi gcinn de na tuarascálacha le clár na bliana 2010 agus cuireadh bailchríoch ar cheann amháin agus eisíodh é faoi chlár na bliana 2011. Cuireadh bailchríoch ar obair iniúchta i leith seacht dtuarascáil bhreise ó chlár na bliana 2011 agus tuarascáil amháin ó chlár na bliana 2010 in 2011. D'aontaigh an Coiste Iniúchta faoi shé cinn de na tuarascálacha deiridh seo i Márta 2012. Feidhmíonn an Coiste Iniúchta agus an tAonad Iniúchta Inmheánaigh araon de réir Cairte scríofa.

***Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais***

Áirítear ar obair Fhochoiste an Choiste Chomhairleach Bainistíochta ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais iniúchadh agus obair leantach a dhéanamh ar thuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh, ar rioscaí airgeadais ón gclár riosca agus ar Thuarascálacha Ginearálta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhaineann leis an earnáil sláinte agus leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus ar Mhiontuairiscí an Aire Airgeadais d'fhonn a chinntiú go gcuirtear i ngníomh na moltaí iomchuí a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais. Tá an Fochoiste freagrach freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais.

Chuir an Coiste bailchríoch in 2011 ar athbhreithnithe a bhain le buiséid riaracháin, le buiséid chlár agus le comhlíonadh cánach. Rinneadh tuilleadh feabhsaithe dá bharr sin sna réimsí a ndearnadh athbhreithniú orthu. Rinneadh athbhreithniú freisin ar sholáthar agus cuirfeadh é faoi bhráid an Choiste ag a chéad chruinniú in 2012.

***Bainistíocht Riosca***

Tá córas bainistithe riosca ag an Roinn atá ina dhlúthchuid den phróiseas pleanála gnó. Eisíodh polasaí athbhreithnithe um bainistíocht riosca go luath in 2010 chun na próisis bainistíochta riosca a athchóiriú chun éifeachta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí faoin gCoiste Comhairleach Bainistíochta. Cuireadh tuilleadh feabhsaithe ar na córais monatóireachta agus tuairiscithe in 2011, lena n-áirítear tuairiscí caighdeánacha a fhorbairt don Choiste Comhairleach Bainistíochta.

***Teicneolaíocht na Faisnéise***

In 2011, rinne Aonad TFC na Roinne a sheirbhís chomhroinnte a shíneadh amach chuig an Roinn nua Leanaí agus Gnóthaí Óige le cois na suíomhanna eile a dtacaíonn sé leo - Údarás Uchtála na hÉireann, an tOmbudsman do Leanaí agus Oifig an Oifigigh Achomhairc um Míchumas. Tá tacar iomlán seirbhísí TFC á chur ar fáil agus comhaontaíodh meabhrán tuisceana leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá Córas Bainistíochta Airgeadais na Roinne curtha ar fáil d'úsáideoirí sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Beidh sé riachtanach tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh ar an tseirbhís in 2012. Bronnadh tairiscint nua slándála TEC i Mí Mhárta 2012.

***Clár Sócmhainní***

Maidir le clár sócmhainní na Roinne, tá an Roinn ag baint úsáide as Modúl Cláraithe Sócmhainní an chórais bainistíochta airgeadais le haghaidh gach sócmhainn TFC ina Cuntas Leithreasa don bhliain 2011 agus tá sí ag obair chun leas iomlán a bhaint as an modúl i gcás trealaimh eile oifige agus troscáin. Nuair a cuireadh tús le seirbhísí comhroinnte TFC leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, aistríodh sócmhainní TFC chuig an Roinn sin agus tá sí freagrach anois as rianú agus cothabháil a dhéanamh ar a clár sócmhainní féin.

***Oiliúint Foirne***

Leanann an Roinn ar aghaidh ag aithint riachtanas oiliúna foirne tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. In 2011, cuireadh oiliúint ar fáil, *inter alia*, i réimsí a bhaineann le bainistíocht airgeadais agus soláthair.

**Michael Scanlan**
Oifigeach Cuntasaíochta
31 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 39: Sláinte le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Sláinte. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
6 Méan Fomhair 2012

# Vóta 39 Sláinte
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar sna meastacháin €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pá agus liúntais | 25,581 | 22,884 | 29,140 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | 654 | 306 | 421 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 868 | 676 | 864 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 778 | 526 | 548 |
| A.5. | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,574 | 1,310 | 1,464 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | 925 | 829 | 717 |
| A.7. | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 2,194 | 831 | 735 |
| **Deontais** | | | | |
| B.1. | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | 36,797 | 34,430 | 35,879 |
| B.2. | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,786 |
| B.3. | An Tionscnamh Drugaí | 18,361 | 17,571 | — |
| **Seirbhísí eile** | | | | |
| C. | Costais a bhaineann leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí Idirnáisiúnta eile | 2,600 | 2,580 | 2,460 |
| D. | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí ilghnéitheacha dlí mar aon le socruithe | 22,593 | 15,464 | 19,410 |
| E.1. | Comhlachtaí forbraíochta, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála | 61,569 | 49,721 | 66,828 |
| E.2. | An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 5,950 | 5,950 | 6,665 |
| E.3. | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus an tAonad Speisialta Seachadta | 85,587 | 85,587 | 90,092 |
| E.4. | Interreg Éire / Tuaisceart Éireann | 2,190 | 2,003 | 837 |
| F.1. | Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | 745 | 374 | 374 |
| F.2. | Íocaíochtaí i leith daoine a éilíonn go ndearna vacsaíniú díobháil dóibh | 1 | — | — |

| | | 2011 Soláthar sna meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| F.3. | Íocaíochtaí chuig cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | 50,786 | 28,600 | 42,000 |
| F.4. | Íocaíochtaí chuig cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | 8,849 | 3,600 | 6,400 |
| G. | Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | 813 | 254 | 629 |
| — | *Oifig an Ombudsman do Leanaí* | — | — | 2,070 |
| **Seirbhísí Caipitiúla** | | | | |
| H. | Deontais i leith tógála agus feistithe (lena n-áirítear TFC) i gcás gníomhaireachtaí arna gcistiú ag an Roinn | 15,000 | 7,939 | 10,778 |
| | **Ollchaiteachas** | 347,701 | 284,721 | 322,097 |
| | **Lúide** | | | |
| I. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | 3,916 | 4,971 | 5,926 |
| | **Glanchaiteachas** | **343,785** | **279,750** | **316,171** |
| | **Farasbarr don bhliain** | | **€64,035,391** | **€60,246,281** |
| | **Tabhairt suas iarchurtha** | | **€1,500,000** | — |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€62,535,391** | **€60,246,281** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 27,362 | 33,889 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 257,359 | 288,208 |
| **Ollchaiteachas** | | | 284,721 | 322,097 |
| Lúide | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | (4,971) | (5,926) |
| **Glanchaiteachas** | | | 279,750 | 316,171 |
| | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin airgid | | (101) | | |
| Dímheas | | 257 | | |
| Caillteanas as diúscairtí | | 2 | 158 | 473 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (1,643) | | |
| Méadú ar an stoc | | (8) | | |
| | | | (1,651) | (1,964) |
| **Caiteachas díreach** | | | 278,257 | 314,680 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 16,134 | 17,831 |
| Cíosanna barúlacha | | | 2,352 | 3,480 |
| **Costas oibriúcháin iomlán** | | | 296,743 | 335,991 |

### 1.1 Glansuim Seirbhísí Gaolmhara

Tá an ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 39 arna dtabhú in áit eile.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 8,140 | 8,305 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 5,037 | 5,174 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,481 | 3,708 |
| 20 | Garda Síochána | 60 | 412 |
| | An Lárchiste - pinsin Airí srl. | 416 | 232 |
| | | 16,134 | 17,831 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 812 | 1,010 |
| | | 812 | 1,010 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 85 | 77 |
| Réamhíocaíochtaí | | 192 | 308 |
| Ioncam Fabhraithe | | 5,550 | 3,822 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 3,531 | 4,543 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 9,358 | 8,750 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 250 | 281 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 437 | 1,111 |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 2,578 | 3,833 |
| Glandliteanas don/(ón) Státchiste | 2.6 | 516 | (401) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | 3,781 | 4,824 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 5,577 | 3,926 |
| **Glansócmhainní** | | **6,389** | **4,936** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe Stáit** | | **6,389** | **4,936** |

## 2.1 Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla

| | Oifig trealamh €000 | Troscán agus feistis €000 | Iomláin €000 |
|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2011 | 2,530 | 2,169 | 4,699 |
| Breiseanna | 92 | 6 | 98 |
| Aistrithe ó Ranna eile | 24 | — | 24 |
| Aistrithe chuig Ranna eile | (92) | (73) | (165) |
| Diúscairtí | (27) | (71) | (98) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011 | 2,527 | 2,031 | 4,558 |
| **Dímheas Carntha:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 | 1,859 | 1,830 | 3,689 |
| Coigeartú do shócmhainní a aistríodh ó Ranna eile | 16 | — | 16 |
| Dímheas don bhliain | 176 | 81 | 257 |
| Coigeartú do shócmhainní a aistríodh chuig Ranna eile | (75) | (45) | (120) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (25) | (71) | (96) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2011 | 1,951 | 1,795 | 3,746 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | 576 | 236 | 812 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010** | 671 | 339 | 1,010 |

Tar éis feidhmeanna áirithe a bheith aistrithe ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, aistríodh sócmhainní seasta arbh é €23,916 a luach ag costas chuig an Roinn i rith na bliana 2011. Aistríodh sócmhainní arbh é €165,245 a luach go dtí an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2011.

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | (300) | 2,495 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (2,278) | (6,328) |
| | (2,578) | (3,833) |

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 27 | 30 |
| Ábhair intomhalta TF | 58 | 47 |
| | 85 | 77 |

## 2.4 Iarmhéideanna Dochair Eile

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 44 | 291 |
| Tuarastail in-aisghabhála | 476 | 319 |
| Aisghabháil costais taistil | 12 | 24 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 110 | 136 |
| Binse Cúitimh Heipitítis C | 2,880 | 3,764 |
| Míreanna dochair fionraí eile | 9 | 9 |
| | 3,531 | 4,543 |

## 2.5 Iarmhéideanna Sochair Eile

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite don Stá** | | |
| Cáin Ioncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch | 20 | 413 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | (3) | 206 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 95 | 35 |
| Cáin Bhreisluacha | 52 | 2 |
| Pinsin | 11 | 90 |
| Fáltais Bhreise Státchiste | 8 | — |
| | 183 | 746 |
| Asbhaintí den phárolla arna gcoinneáil ar t | — | 48 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | 254 | 317 |
| | 437 | 1,111 |

## 2.6 Glandliteanas don/(ón) Státchist

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 62,535 | 60,246 |
| Tabhairt suas iarchurtha | 1,500 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (63,519) | (60,647) |
| Glandliteanas don/(ón) Státchiste | 516 | (401) |

**Arna léiriú ag:**

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 3,531 | 4,543 |
| | 3,531 | 4,543 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (183) | (746) |
| Banc agus airgead tirim | (2,578) | (3,833) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (254) | (365) |
| | (3,015) | (4,944) |
| | 516 | (401) |

## 2.7 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Ceangaltais Iomlána** | | |
| Ceangaltais neamh-chaipitiúla ar dócha a thiocfaidh i gceist sna blianta ina dhiaidh sin: | | |
| Fotheidil soláthair | 30,597 | 90 |

**(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

**1. Ceangaltais chaipitil atá infhorghníomhaithe le dlí**

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Caiteachas sa bhliain | 7,939 | 10,778 |
| Ceangaltais a chaithfear a shásamh sna blianta ina dhiaidh sin | 19,179 | 27,780 |

**2. Tionscadail Chaipitil os cionn €6.3 milliún**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2010 | Íoctha in 2011 | Lena n-íoc sna blianta ina dhiaidh sin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| An Bord Taighde Sláinte (Áis Taighde Chliniciúil ag Ospidéal Naomh Séamas agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath) | 2,483 | 1,329 | 7,700 | 11,512 |
| An Bord Taighde Sláinte (Áis Taighde Chliniciúil ag Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh) | — | — | 7,500 | 7,500 |
| Iomlán | 2,483 | 1,329 | 15,200 | 19,012 |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta maidir le meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.2. | 348 | Spáráladh airgead sa chás seo mar go ndearnadh níos lú taistil i rith na bliana ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| A.4. | 252 | Bhí an costas a bhain le hathsholáthar an chórais teileafóin PBX níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis i dtús báire ós rud é gur chuir Líonraí an Rialtais (Government Networks), rannán laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chuir siad trealamh teileafóin PBX ar fáil saor in aisce. Bhí an trealamh ina bharraíocht ar riachtanais i ranna/foirgnimh eile. |
| A.7. | 1,363 | D'eascair an coigilteas ós rud é (i) gur cuireadh tús le tionscadail faoi Athbhreithniú Chlár na Céime Altranais agus Múnla Éilimh do Sholáthar Seirbhísí DT agus Altraí Cleachtais i 2011 ach gan aon chostais a thabhú an bhliain sin; (ii) níor faomhadh ach céim 1 den tionscadal faoin VHI do 2011 agus (iii) ní dheachthas ar aghaidh le roinnt comhairleachtaí beartaithe le linn na bliana. |
| B.1. | 2,367 | D'eascair an choigilt toisc nár chaith an Bord Taighde Sláinte an oiread airgid agus a ceapadh. |
| D | 7,129 | Tá sé deacair an tsuim a thuar a íocfar ón bhfotheideal seo gach bliain ós rud é go mbaineann mórchuid na gcostas le réitigh dhlíthiúla agus lena gcuid táillí gaolmhara agus tá siad seo bunaithe ar thoradh na n-imeachtaí dlíthiúla. Bhí farasbarr ag baint leis an bhfotheideal, mar sin de. |
| E.1. | 11,848 | Bhí an caiteachas ar na gníomhaireachtaí sláinte, lena n-áirítear an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis. Déanann an Roinn monatóireacht ar na suimeanna a theastaíonn ó gach gníomhaireacht faoin gcóras bainistithe airgid thirim agus rialaithe chaiteachais. Léirigh an caiteachas iarbhír tuairiscithe ag gníomhaireachtaí go deireadh Mhí na Samhna 2011, in éineacht leis an gcaiteachas réamh-mheasta do Mhí na Nollag 2011 nach dteastódh an leithdháileadh iomlán don bhliain uathu. De réir bheartais na Roinne maidir le híocaíochtaí do ghníomhaireachtaí, mar sin de, íocadh an tsuim níba lú as a leithdháileadh nó as an nglanchaiteachas. |
| E.4. | 187 | D'eascair an choigilt toisc nár caitheadh an oiread airgid agus a measadh ar dtús. |
| F.1. | 371 | Níor comhaontaíodh an méadú molta i dtaca le híocaíochtaí d'íobartaigh tailídimíde le linn na bliana. |
| F.3. | 22,186 | Bhí líon na n-íocaíochtaí a faomhadh ag Binse Cúitimh Heipitítis C níba lú ná mar a measadh i dtús báire. |

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| F.4. | 5,249 | Bhí líon na n-íocaíochtaí a faomhadh ag Binse Cúitimh Heipitítis C níba lú ná mar a measadh i dtús báire. |
| G. | 559 | D'eascair an choigilt toisc nár caitheadh an oiread airgid agus a measadh ar dtús. |
| H | 7,061 | D'eascair coigilteas ó mhoill i dtógáil an tSaoráid Taighde Chliniciúil ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh toisc gur cuireadh an príomhchonaitheoir faoi ghlacadóireacht in 2010 agus toisc go ndearnadh agóid in aghaidh bhronnadh an chonartha nuair a iarradh tairiscintí nua. Chomh maith leis sin, bhí an dul chun cinn maidir le faomhadh tionscadail TFC níos moille ná mar a measadh, rud a tharla go príomha mar gheall ar chastacht an tionscadail. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Ilghnéitheach | 1 | 208 | 267 |
| 2. Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | 3,915 | 4,763 | 5,659 |
| **Iomlán** | 3,916 | 4,971 | 5,926 |

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1 | (207) | Bhain chuid den difríocht le táillí ceadúnais a fuarthas faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, aisíoc an chistithe nár caitheadh ar an Tionscnamh Drugaí agus íocaíochtaí scéime pinsin. |
| 2 | (848) | Bhí sé deacair an méid a bhí dlite don Roinn ag gníomhaireachtaí sláinte i leith Asbhaint a Bhaineann le Pinsin as Luach Saothair don tSeirbhís Phoiblí a mheas mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag clár an Rialtais chun cuíchóiriú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí stáit. |

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

Fuarthas fáltais ar luach iomlán €8,462, maidir le tabhairt suas deonach tuarastail faoi Alt 483 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 le linn na bliana agus íocadh iad i 2012.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 366 | 430 |
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 21,517 | 27,565 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 189 | 242 |
| Liúntais eile | 5 | 7 |
| Ragobair | 209 | 202 |
| ÁSPC an fhostóra | 964 | 1,124 |
| **Pá iomlán** | **22,884** | **29,140** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta r | 65 | 7 | 20,614 | 20,575 |
| Liúntais eile | 32 | — | 343 | 450 |
| Ragobair | 58 | 5 | 19,276 | 19,121 |

**Nóta:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Cistiú ón gCrannchur Náisiúnta

| Fotheideal | Cur síos | 2011 Meastacháin €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| B.2. | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,786 |
| | | 3,286 | 3,286 | 3,786 |

Íocadh €3.286 milliún san iomlán faoi fhotheideal B.2 le gníomhaireachtaí sláinte agus le heagraíochtaí eile dá leithéid. Tá sonraí faoin gcistiú a tugadh le fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne "www.dohc.gov.ie".

## 6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcl

| | Bliain an cheapacháin | Iomlán a íocadh go dtí deireadh 2011 €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| An Coimisiún um Shábháilteacht Othar agus um Dhearbhú Cáilíochta | 2007 | 302 | — | 8 |
| An Coimisiún Imscrúdaithe chun fiosrú a dhéanamh ar rudaí a bhain le bainistiú, feidhmiú agus maoirsiú Theach Banaltrais Leas Cross. | 2007 | 2,105 | — | 289 |
| | | 2,407 | — | 297 |

## 6.3 Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas

Faoi fhorálacha Ailt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €1,500,000 den leithdháileadh maidir le Fotheideal H ar aghaidh go 2012.

## 6.4 Scéim Speisialta Chnáimhseachais

Tá Ciste Slánaíochta Speisialta Cnáimhseachais curtha ar bun trína shlánófar ospidéil rannpháirteacha áirithe i ndáil le héilimh shonraithe cnáimhseachais. Déanann na hospidéil rannpháirteacha ranníocaíochtaí leis an gCiste. Ina theannta sin, faoi théarmaí an tsocraithe a rinneadh leis an gCumann Cosanta Míochaine (*Medical Protection Society*) aistríodh cistí áirithe (an Ciste Speisialta Cnáimhseachais) chun páirtchistiú a dhéanamh ar chostas éileamh sainithe in aghaidh cnáimhseoirí ainmnithe. Is í an Ghníomhaireachta um Éilimh ar an Stát a bhainistíonn na Cistí sin. Tá sé i gceist go n-úsáidfear na Cistí ar an gcéad dul síos chun íoc as na héilimh agus go n-íocfaidh an Roinn as aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá dóthain acmhainní sna Cistí le freastal ar na héilimh a mheastar a d'fhéadfaí a dhéanamh sa tréimhse amach romhainn agus níl aon easnamh i gceist maidir leis an gclúdach faoi láthair.

## 6.5 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn bainteach le roinnt éileamh ina bhfuil imeachtaí dlíthiúla i gceist ar féidir go nginfidh siad dliteanais, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.